Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2016**
**(OR. en)**

**15312/16**

**MIGR 214**
**EDUC 419**
**JEUN 107**
**SPORT 87**
**CULT 118**
**SOC 780**
**EMPL 526**
**ASILE 89**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2016 |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14480/16 MIGR 197 EDUC 381 JEUN 101 SPORT 82 CULT 114 SOC 713 EMPL 487 ASILE 78 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil san Aontas<br>Conclúidí ón gComhairle (9 Nollaig 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe rialtais na mBallstát, maidir le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil san Aontas, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3508ú cruinniú a bhí aici ar an 8-9 Nollaig 2016.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe rialtais na mBallstát maidir le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil san Aontas**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AN MÉID SEO A LEANAS

*LEAGANN SIAD BÉIM* ar an ngá atá le beartais éifeachtacha lánpháirtithe do náisiúnaigh tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil ina gcríocha;

*AITHNÍONN SIAD* go bhfuil dúshláin bhreise ann maidir le lánpháirtiú de bharr insreafaí méadaitheacha imirceach;

*TUGANN SIAD FAOI DEARA*, go bhféadfar, trí náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil a lánpháirtiú go héifeachtach, cuidiú le sochaí rathúil, chomhtháite, chuimsitheach, a fhollúnú a rachadh chun tairbhe do gach Ballstát;

*AITHNÍONN SIAD* an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "Plean Gníomhaíochta maidir le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú"[1];

*TUGANN SIAD FAOI DEARA* go bhfuil an plean gníomhaíochta ag brath ar thosaíochtaí beartais i réimse an lánpháirtithe agus molann sí uirlisí nithiúla chun tacú le comhtháthú a dhéanamh ar chúig réimse théamacha, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais ó chistí an Aontais, beartais a chomhordú agus a chur chun cinn idir gníomhaithe a bhfuil baint acu leis an bpróiseas lánpháirtithe;

*AITHNÍONN SIAD* an clár oibre le haghaidh scileanna nua don Eoraip agus is DÍOL SÁSAIMH DI an fócas atá ann ar úsáid níos fearr a bhaint as na scileanna agus na cáilíochtaí san Aontas agus iad a fheabhsú, lena n-áirítear na cinn atá ag náisiúnaigh tríú tír;

[1] COM(2016) 377 final

*TUGANN SIAD DÁ nAIRE* an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le dídeanaithe a lánpháirtiú san Aontas[2], an rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an 5 Iúil 2016 maidir le dídeanaithe: cuimsiú sóisialta agus lánpháirtiú i margadh an tsaothair[3] agus an tuairim ón gCoimisiún um Shaoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha de chuid Choiste na Réigiún dar teideal "Plean Gníomhaíochta maidir le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú";

*MEABHRAÍONN SIAD* an sainbhunús dlí do lánpháirtiú náisiúnach tríú tír dá bhforáiltear in Airteagal 79(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

*ATHDHEARBHAÍONN SIAD* a dtiomantas do na comhphrionsabail bhunúsacha a chur san áireamh chun inimircigh a lánpháirtiú i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas um lánpháirtiú agus go háirithe gur Próiseas déthreo dinimiciúil é an lánpháirtiú .i. comhréiteach comhpháirteach idir an tsochaí óstach agus náisiúnaigh tríú tír, rud a chiallaíonn go mbeadh gealltanas ann ón dá thaobh;

*CUIREANN I dTREIS GO LÁIDIR* gur *sine qua non* iad na luachanna atá ina mbuntaca do shochaithe na hEorpa, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, don lánpháirtiú sóisialta laistigh den Aontas Eorpach;

*IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH* an neartú ar an ról atá ag na pointí náisiúnta teagmhála maidir le lánpháirtiú agus lena n-aistriú isteach i Líonra um Lánpháirtiú na hEorpa, a mbeidh ról comhordúcháin níos láidre aige agus sainordú aige don fhoghlaim fhrithpháirteach;

*AITHNÍONN SIAD* ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, ról na sochaí sibhialta, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na gcomhpháirtithe áitiúla agus na bpobal áitiúil sa phróiseas don lánpháirtiú, i ndlúthchomhar agus i gcomhordú le húdaráis náisiúnta agus comhroinnt na n-inniúlachtaí sna Ballstáit á n-urramú acu;

---

[2] SOC/532
[3] 2015/2321(INI)

*CUIREANN SIAD SAN ÁIREAMH* na bearta a mholtar sa Phlean Gníomhaíochta maidir le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú agus ag an am céanna na cásanna agus na coinníollacha sonracha sna Ballstáit á n-urramú acu;

*IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH* iarrachtaí an Choimisiúin chun cur leis an maoiniú atá ar fáil don lánpháirtiú chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil faoin gciste um thearmann, imirce agus lánpháirtiú faoi chuimse an togra le haghaidh bhuiséad bliantúil 2017;

*IARRANN SÍ* ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Páirt ghníomhach a ghlacadh i malartú dea-chleachtas i ndáil le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú, trí eolas agus taithí a roinnt trí bhíthin cuairteanna staidéir, seimineáir théamacha, uirlisí ar líne agus gníomhaíochtaí piarfhoghlama go háirithe tríd an Líonra um Lánpháirtiú na hEorpa;

2. I gcás inarb iomchuí, leas a bhaint as na huirlisí a fógraíodh faoi chlár oibre do scileanna nua don Eoraip d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an measúnú, bailíochtú, agus aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus do scileanna náisiúnach tríú tír lena n-áirítear tairbhithe cosanta idirnáisiúnta a tháinig i dtír le déanaí, ag meabhrú dóibh gurb iad na comhlachtaí ábhartha ullmhúcháin de chuid na Comhairle a scrúdóidh na tograí ábhartha faoi chuimse an chláir oibre do scileanna nua don Eoraip;

3. Prionsabal na comhpháirtíochta a chur chun feidhme go hiomlán, de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

4. Faireachán agus measúnú ar thorthaí an lánpháirtithe agus ar bheartais an lánpháirtithe trí úsáid níos fearr a dhéanamh de na huirlisí agus de na táscairí atá ann faoi láthair agus iad a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear táscairí AE maidir le lánpháirtiú imirceach (ar a dtugtar "táscairí Zaragoza");

5. Iarrachtaí a dhíriú ar na réimsí seo a leanas, i gcomhréir leis na beartais náisiúnta agus na tosaíochtaí seo a leanas:

a) Bearta réamhtheachta, réamhimeachta agus bearta maidir leis an lánpháirtiú luath, go háirithe iad siúd a thaobhaíonn le rochtain luath ar an oideachas, ar ghairmoiliúint agus ar mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear fócas ar chúrsaí teanga agus ar chúrsaí réamhthionscnaimh agus maidir le faisnéis bhunúsach a chur ar fáil faoi gach sochaí óstach;

b) Deiseanna a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír páirt ghníomhach a ghlacadh i saol eacnamaíoch, sóisialta, sibhialta agus cultúrtha na mBallstát; an t-idirdhealú agus an idirdheighilt a chomhrac; comhdheiseanna a sholáthar agus an t-idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn agus náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú go héiritheach sna comhphobail óstacha;

c) Luachanna atá mar dhlúth is inneach i measc comhphobail na hEorpa, amhail an daonlathas, an smacht reachta agus an meas ar chearta bunúsacha a chur chun cinn go gníomhach, mar shampla trí chláir insealbhaithe saoránachta;

d) Oideachas agus oiliúint ghairmiúil, go háirithe gníomhaíochtaí atá dírithe ar an bhfoghlaim teanga, ar oideachas luath-óige, mar aon le foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta; rochtain ar an gcóras príomhshrutha oideachais agus náisiúnaigh tríú tír a spreagadh chun glacadh leis an oideachas sin agus é a thabhairt chun críche, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí agus d'oibrithe don óige mar aon le gairmithe i réimse an chultúir agus an spóirt atá ag obair le náisiúnaigh tríú tír, go háirithe le daoine óga, agus oiliúint a chur orthu;

e) Fostaíocht agus Beartas Sóisialta; lánpháirtiú náisiúnach tríú tír i margadh an tsaothair a chur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a thairbhíonn de chosaint idirnáisiúnta, iad a spreagadh chun rannchuidiú leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí agus aird á tabhairt ag an am céanna ar staid shonrach na ngrúpaí leochaileacha agus tacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht na n-imirceach;

f) Rannpháirtíocht na hearnála príobháidí chun urraim don éagsúlacht a chur chun cinn agus an neamh-idirdhealú san ionad oibre a áirithiú; comhoibriú go dlúth leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta, rud atá ríthábhachtach chun lánpháirtiú i margadh an tsaothair a chur chun cinn;

g) Rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a chur chun cinn do náisiúnaigh tríú tír trí chur chuige comhtháite a chur ar bun, go háirithe a mhéid a bhaineann le tithíocht, sláinte, oideachas agus seirbhísí sóisialta a bhaineann le comhlachtaí éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;

h) Comhordú níos fearr ar ghníomhaithe lárnacha a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus príomhshruthú an lánpháirtithe a chur chun cinn i ngach réimse ábhartha beartais;

i) Taobhú leis an obair dheonach agus tacú le gníomhaíochtaí chun náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú, lena n-áirítear trí eagraíochtaí don óige;

j) Rannpháirtíocht náisiúnach tríú tír i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus spóirt agus in eagraíochtaí a chur chun cinn d'fhonn gur fearrde é an caidreamh a bheidh acu leis an tsochaí óstach, chun go sealbhóidh siad inniúlachtaí idirchultúrtha agus chun plé idirchultúrtha a chothú;

k) Dul i ngleic leis na riachtanais shonracha atá ag na náisiúnaigh is leochailí sin de chuid tríú tír amhail leanaí, go háirithe mionaoisigh neamhthionlactha, mná, daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas;

l) Dul i ngleic le steiréitíopaí, éadulaingt, an t-idirdhealú, ciníochas agus seineafóibe, lena n-áirítear trí thaighde agus oiliúint spriocdhírithe agus cláir thacaíochta do na húdaráis phoiblí agus geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear ENRanna, lucht léinn, institiúidí cultúir agus fiontair chun feasacht a mhúscailt agus feabhas a chur ar eolas agus ar na freagraí a tugadh ar na feiniméin sin;

m) Bearta chun feasacht a ardú maidir leis na deiseanna agus na dúshláin a fhéadfaidh an imirce a chur faoi deara do chomphobail na hEorpa;

n) Infheistíocht i mbeartais lena dtacaítear le cuimsiú sóisialta na náisiúnach tríú tír d'fhonn sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos rathúla, níos comhtháite agus níos cuimsithí san fhadtéarma.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN NA NITHE SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit i ndáil le measúnú agus bailíochtú scileanna agus cáilíochtaí na náisiúnach tríú tír agus na scileanna agus na cáilíochtaí sin a aithint, lena n-áirítear náisiúnaigh a tháinig i dtír le déanaí ar tairbhithe iad de chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil fianaise dhoiciméadach ar a gcuid cáilíochtaí acu;

2. Féachaint an gá níos mó acmhainní a leithdháileadh ó bhuiséad an Aontais chun náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú sna nósanna imeachta buiséadacha bliantúla amach sa todhchaí agus treoir a thabhairt do na Ballstáit faoin mbealach is mó is féidir tairbhe a bhaint as cistiúchán an Aontais chun tacú leis an lánpháirtiú sin;

3. A áirithiú go ndéanfar comhordú agus caidreamh níos fearr idir an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais agus idir grúpaí saineolaithe an Aontais atá ann cheana agus i bhfóraim ina bpléitear le hábhair a bhaineann le lánpháirtiú na hEorpa;

4. Féachaint ar bhealaí inar féidir leis an Aontas gníomhú agus tacú le Ballstáit maidir leis na saincheisteanna seo a leanas nach bhfuil luaite sa phlean gníomhaíochta, d'fhonn an méid a leanas a dhéanamh:

   a) dea-chleachtais a scaipeadh i ndáil le náisiúnaigh neamhliteartha tríú tír a lánpháirtiú;

   b) comhar a chur chun cinn leis na meáin trí chomhdhálacha nó seimineáir a eagrú, go háirithe maidir le steiréitíopaí diúltacha a chomhrac agus dearcadh cothrom i measc an phobail a chruthú maidir le himirce (ról na meán, feachtais chumarsáide, malartuithe idir náisiúnaigh tríú tír agus an tsochaí óstach), chomh maith le feasacht a ardú maidir leis an tionchar dearfach a bhíonn ag an éagsúlacht chultúrtha agus ag an idirphlé idirchultúrtha;

   c) an comhar le coistí agus le comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle a neartú, (go háirithe an Coiste Oideachais, an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta) chun feabhas a chur ar shonraí ar leibhéal na tíre, más iomchuí, chun go bhféadfar faireachán níos fearr a dhéanamh ar thorthaí an bheartais don lánpháirtiú ar leibhéal an Aontais ionas go bhféadfar na modhanna agus na huirlisí atá ann faoi láthair a fheabhsú;

5. Faireachán dlúthrialta a dhéanamh agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais chun tacú leis na Ballstáit a áirítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú.